Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Samhain 2020**
**(OR. en)**

**12790/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0325(NLE)**

**WTO 314**
**AGRI 415**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Samhain 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 729 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de Chomhairle Ghinearálta na hEagraíochta Domhanda Trádála a mhéid a bhaineann le glacadh cinnidh lena ndéantar ceannacháin áirithe earraí bia a dhíolmhú ó chur i bhfeidhm toirmeasc nó srianta onnmhairiúcháin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 729 final.

---

Faoi iamh: COM(2020) 729 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.11.2020
COM(2020) 729 final

2020/0325 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de Chomhairle Ghinearálta na hEagraíochta Domhanda Trádála a mhéid a bhaineann le glacadh cinnidh lena ndéantar ceannacháin áirithe earraí bia a dhíolmhú ó chur i bhfeidhm toirmeasc nó srianta onnmhairiúcháin**

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena socrófar an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle Ghinearálta na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) maidir le togra arb é is aidhm dó earraí bia a cheannaíonn an Clár Domhanda Bia chun críoch daonnúil neamhthráchtálach a dhíolmhú ó chur i bhfeidhm toirmeasc nó srianta onnmhairiúcháin.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. Comhaontú Marrakech lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála

Leis an gCinneadh ón gComhairle atá á bheartú, féachtar le húdarú a thabhairt don Choimisiún Eorpach tacú, thar ceann an Aontais, le cinneadh atá le glacadh i gComhairle Ghinearálta na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT). Is le Comhaontú Marrakech (‘Comhaontú EDT’) a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 1995 a bunaíodh an Eagraíocht Dhomhanda Trádála.

Is páirtí é an tAontas Eorpach sa Chomhaontú sin.

### 2.2. Comhdháil Aireachta agus Comhairle Ghinearálta na hEagraíochta Domhanda Trádála

De bhun mhír 1 d’Airteagal IV de Chomhaontú EDT, tá sé d’údarás ag an gComhdháil Aireachta cinntí a dhéanamh maidir le haon ábhar a chumhdaítear faoi aon cheann de na Comhaontuithe Trádála Iltaobhacha.

Mar sin féin, de bhun mhír 2 d’Airteagal IV de Chomhaontú EDT, le linn na dtréimhsí idir cruinnithe na Comhdhála Aireachta, is í an Chomhairle Ghinearálta a dhéanann feidhmeanna na Comhdhála.

De bhun mhír 1 d’Airteagal IX de Chomhaontú EDT, déanann comhlachtaí EDT gach iarracht a gcinntí a dhéanamh trí chomhdhearcadh.

### 2.3. Gníomh atá beartaithe ó Chomhairle Ghinearálta na hEagraíochta Trádála Domhanda

Faoi mhír 2(a) d’Airteagal XI de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (GATT 1994), ceadaítear do Bhallstáit de EDT toirmisc agus srianta onnmhairiúcháin a chur ar tháirgí talmhaíochta, lena n-áirítear bia a cheannaítear chun críoch daonnúil, faoi réir na smacht a leagtar amach in Airteagal 12 de Chomhaontú EDT maidir le Talmhaíocht.

I gcomhthéacs phaindéim COVID-19, chuaigh roinnt Ballstáit de EDT i muinín cur i bhfeidhm toirmeasc nó srianta onnmhairiúcháin maidir le táirgí talmhaíochta.

Le linn theacht le chéile Chomhairle Ghinearálta EDT i mí na Nollag 2020, nó le linn cruinniú dá cuid ina dhiaidh sin in 2021, is féidir go n-iarrfar ar an gComhairle Ghinearálta cinneadh a ghlacadh arb é is aidhm dó earraí bia a cheannaíonn an Clár Domhanda Bia chun críoch daonnúil neamhthráchtálach a dhíolmhú ó chur i bhfeidhm toirmeasc nó srianta onnmhairiúcháin.

Tá an togra seo á chur i láthair i bhfianaise na tacaíochta daonnúla ríthábhachtaí a chuireann an Clár Domhanda Bia ar fáil, rud a bhfuil níos mó práinne ag baint leis anois de dheasca phaindéim COVID-19 agus géarchéimeanna eile.

Is trí chomhdhearcadh a ghlactar cinntí in EDT. Dá bhrí sin, is gá don Chomhairle Cinneadh a ghlacadh faoi Airteagal 218(9) CFAE chun údarú a thabhairt don Aontas aontú leis an gcomhdhearcadh.

## 3. An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais

Is é is cuspóir don togra seo é a chur ar a chumas don Aontas Eorpach aontú le comhdhearcadh maidir le glacadh cinnidh lena ndéantar earraí bia a cheannaíonn an Clár Domhanda Bia chun críoch daonnúil neamhthráchtálach a dhíolmhú ó chur i bhfeidhm toirmeasc nó srianta onnmhairiúcháin, cinneadh a bhféadfaí a ghlacadh chomh luath le teacht le chéile Chomhairle Ghinearálta EDT i mí na Nollag 2020 nó le linn cruinniú den Chomhairle in 2021.

Ó thaobh an Aontais de, tá sé ríthábhachtach go nglacfaidh an Chomhairle cinneadh tráthúil maidir le haontú leis an gcomhdhearcadh i leith na saincheiste sin sa Chomhairle Ghinearálta ionas go gcaomhnófar seasamh an Aontais in EDT, go háirithe i bhfianaise a phráinní atá na cúinsí daonnúla a bhaineann leis an tsaincheist chéanna de dheasca phaindéim COVID-19.

## 4. Bunús dlí

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

#### *4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht í Comhdháil Aireachta EDT arna bunú le comhaontú, mar atá Comhaontú EDT a bhfuil sé d'údarás aige, de réir Airteagal IV:1, cinntí a dhéanamh maidir le haon ábhar a chumhdaítear faoi aon cheann de na comhaontuithe trádála iltaobhacha, lena n-áirítear cinntí a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo.

De bhun mhír 2 d'Airteagal IV de Chomhaontú EDT, le linn na dtréimhsí idir cruinnithe na Comhdhála Aireachta, is í an Chomhairle Ghinearálta a dhéanann feidhmeanna na Comhdhála.

Na gníomhartha atá beartaithe a luaitear thuas, is gníomhartha iad a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo ós rud é go bhféadfaidís difear a dhéanamh do chearta agus d'oibleagáidí an Aontais.

Leis an ngníomh atá beartaithe, ní fhorlíontar creat institiúideach an Chomhaontaithe ná ní leasaítear é.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) de CFAE an bunús dlí don nós imeachta maidir leis an gcinneadh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

#### *4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach maidir le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuil seasamh le glacadh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a

shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

*4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe leis an gcomhbheartas tráchtála.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 207 CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Is í an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) ba cheart a bheith ina bunús dlí don chinneadh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go ndéanfaidh an gníomh ó Chomhairle Ghinearálta EDT Comhaontú EDT a fhorlíonadh trí na hearraí bia a cheannaíonn an Clár Domhanda Bia chun críoch daonnúil neamhthráchtálach a dhíolmhú ó thoirmisc nó ó shrianta onnmhairiúcháin, is iomchuí an gníomh sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

2020/0325 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de Chomhairle Ghinearálta na hEagraíochta Domhanda Trádála a mhéid a bhaineann le glacadh cinnidh lena ndéantar ceannacháin áirithe earraí bia a dhíolmhú ó chur i bhfeidhm toirmeasc nó srianta onnmhairiúcháin**

**TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,**

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhréir le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 22 Nollaig 1994, rinne an tAontas Comhaontú Marrakech lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála ('Comhaontú EDT') a thabhairt i gcrích le Cinneadh 94/800/CEE ón gComhairle[1], agus tháinig an cinneadh sin i bhfeidhm an 1 Eanáir 1995.

(2) De bhun mhír 1 d'Airteagal IV de Chomhaontú EDT, tá sé d'údarás ag Comhdháil Aireachta na hEagraíochta Domhanda Trádála ('EDT') cinntí a dhéanamh maidir le haon ábhar a chumhdaítear faoi aon cheann de na Comhaontuithe Trádála Iltaobhacha.

(3) De bhun mhír 2 d'Airteagal IV de Chomhaontú EDT, le linn na dtréimhsí idir cruinnithe na Comhdhála Aireachta, is í Comhairle Ghinearálta EDT a dhéanann feidhmeanna na Comhdhála Aireachta.

(4) De bhun mhír 1 d'Airteagal IX de Chomhaontú EDT, is é is nós do chomhlachtaí EDT cinntí a dhéanamh trí chomhdhearcadh más féidir.

(5) Le linn theacht le chéile Chomhairle Ghinearálta EDT i mí na Nollag 2020, nó le linn cruinniú dá cuid ina dhiaidh sin in 2021, is féidir go n-iarrfar uirthi togra a bhreithniú arb é is aidhm dó earraí bia a cheannaíonn Clár Domhanda Bia na Náisiún Aontaithe chun críoch daonnúil neamhthráchtálach a dhíolmhú ó thoirmisc agus ó shrianta onnmhairiúcháin.

(6) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle Ghinearálta EDT a leagan síos, ós rud é go mbeidh an cinneadh atá le glacadh ina cheangal ar an Aontas.

(7) Faoi mhír 2(a) d'Airteagal XI de GATT 1994, ceadaítear do Bhallstáit de EDT toirmisc nó srianta onnmhairiúcháin a chur i bhfeidhm i gcúinsí sonracha. In Airteagal 12 de Chomhaontú EDT maidir le Talmhaíocht, sonraítear coinníollacha breise nach mór do Bhallstáit de EDT a chomhlíonadh i gcásanna den chineál sin. Le linn phaindéim COVID-19, chuaigh Ballstáit de EDT i muinín bearta den sórt sin,

[1] IO L 336, 23.12.1994, lch. 1

bearta ar féidir leo difear a dhéanamh freisin maidir le hearraí bia a ceannaíodh chun críoch daonnúil neamhthráchtálach.

(8) Na ceannacháin dhaonnúla a dhéanann an Clár Domhanda Bia, ba cheart iad a dhíolmhú ó thoirmisc agus ó shrianta onnmhairiúcháin i bhfianaise na tacaíochta daonnúla ríthábhachtaí a chuireann an Clár Domhanda Bia ar fáil, rud a bhfuil níos mó práinne ag baint leis anois de dheasca phaindéim COVID-19 agus géarchéimeanna eile.

(9) I gComhairle Ghinearálta EDT, déanann an Coimisiún ionadaíocht thar ceann an Aontais, i gcomhréir le hAirteagal 17(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de Chomhairle Ghinearálta na hEagraíochta Domhanda Trádála ('Comhairle Ghinearálta EDT') le linn a cruinnithe i mí na Nollag 2020, nó le linn cruinniú dá cuid ina dhiaidh sin in 2021, is mar a leanas a bheidh an seasamh sin:

Má thagann Ballstáit de EDT ar chomhdhearcadh maidir le hearraí bia a cheannaíonn an Clár Domhanda Bia chun críoch daonnúil neamhthráchtálach a dhíolmhú ó chur i bhfeidhm toirmeasc nó srianta onnmhairiúcháin, aontóidh an tAontas leis an gcomhdhearcadh sin. Féadfaidh ionadaithe an Aontais i gComhairle Ghinearálta EDT mionathruithe ar an dréacht-sheasamh sin a chomhaontú gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*